Bord Póilíneachta
Thuaisceart Éireann

STRAITÉIS I LEITH TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

BORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

Tá an Bord Póilíneachta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí póilíneachta i dTuaisceart Éireann agus thar ceann an phobail ina iomláine iarraimid ar an Ardchonstábla míniú a thabhairt ar an dóigh a bhfuil seirbhísí póilíneachta á seachadadh. Lena chois sin, táimid freagrach as socruithe a dhéanamh a chuideoidh leis an phobal comhoibriú leis na póilíní le coiriúlacht a chosc. Agus an dá ghné thábhachtacha sin dár gcuid oibre á bhforbairt againn, tá an Bord tiomanta do theagmháil a dhéanamh leis an phobal.

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN PHOBAL

Déanaimid teagmháil leis an phobal le glór a thabhairt do dhaoine áitiúla agus le seans a thabhairt do dhaoine baint a bheith acu le cinntí a théann i bhfeidhm orthu, ar phobal s'acu agus ar a gcomharsanacht. Tá na nithe seo a leanas mar chroílár na teagmhála leis an phobal: forbairt caidreamh, cumarsáid oscailte agus shoiléir, líonrú, éisteacht agus tuiscint níos fearr ar na daoine agus ar na háiteanna éagsúla atá mar pháirt dár sochaí.

Tá Straitéis i leith Teagmháil leis an Phobal forbartha ag an Bhord Phóilíneachta, rud a léiríonn an dóigh a bhfuil sochaí Thuaisceart Éireann ag athrú. Tá sé mar aidhm ag an straitéis go sainaithneofar riachtanais an phobail ina iomláine nuair a bhíonn spriocanna á leagan síos agus nuair a bhíonn polasaí póilíneachta á fhorbairt.

Tá **Ár bhFís** i dtaca le Teagmháil leis an Phobal mar seo a leanas:

"Tacaíocht a thabhairt do gach pobal i dTuaisceart Éireann agus iad a chumasú ionas go dtig leo páirt a ghlacadh i múnlú na seirbhíse póilíneachta, seirbhís a úsáideann siad agus, sa dóigh sin, cuidiú le coiriúlacht a laghdú, cur le muinín an phobail sa tseirbhís póilíneachta agus feabhas a chur ar an chaighdeán mhaireachtála"

TÁIMID TIOMANTA DO NA NITHE SEO A LEANAS

Agus an Straitéis á forbairt againn, chuamar i gcomhairle le réimse leathan grúpaí agus daoine aonair. Tá cuid de na freagairtí aibhsithe i gcló iodálach thíos.

Leagann Straitéis úr s'againne amach ár dtiomantas duit. Geallaimid go ndéanfaimid na bearta seo a leanas:

- **Faisnéis a roinnt**
  Cinnteoimid go mbeidh rochtain agat ar fhaisnéis atá beacht, ábhartha, cuí, furasta a fháil agus sothuigthe ionas go mbeidh tú níos eolaí ar chúrsaí póilíneachta agus ar ról an Bhoird Phóilíneachta.

- **Teagmháil a dhéanamh leat**
  Déanfaimid teagmháil leat trí réimse suirbhéanna agus trí thionscadail taighde le tuairimí s'agatsa a iarraidh agus a fháil ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an phobal go díreach nó i dtaca le saincheisteanna a d'fhéadfadh bheith ina ndíol spéise. Cuirfimid aiseolas ar fáil i dtaca leis an dóigh ar chuir ionchur s'agatsa leis an toradh dheiridh.

- **Comhoibriú agus comhpháirteachas**
  Oibreoimid go díreach leat lena chinntiú go gcloisfear glór do phobail agus go sainaithneofar saincheisteanna atá ina n-ábhar imní agus go dtabharfar aghaidh orthu. Oibreoimid le comhoibriú do phobail a ghnóthachan chun oibriú leis na póilíní le coiriúlacht a chosc agus spreagfaimid na póilíní le teagmháil a dhéanamh leis an phobal. Mar pháirt de sin forbróimid caidrimh a chuirfidh ar chumas an Bhoird agus an phobail páirt a ghlacadh i raon plé a rianú agus in idirphlé suntasach. Tabharfaimid aghaidh ar shaincheisteanna ar bhealach a mhúsclóidh feasacht an phobail agus a fheabhsóidh muinín an phobail in obair na bpóilíní.

Oibreoidh an Bord leis na Comhpháirtíochtaí Póilíneachta Ceantair (CPC) le freagairtí cuí a fhorbairt le teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla agus le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ag leibhéal áitiúil. Ag leibhéal straitéiseach, oibreoimid leis na pobail éagsúla atá mar pháirt dár sochaí lena chinntiú go n-éistfidh an Bord leo agus go ndéanfaidh sé breithniú ar na saincheisteanna a ardóidh siad.

I láthair na huaire bíonn an Bord ag plé go gníomhach leis na pobail seo a leanas:

- Mionlaigh Eitneacha agus Pobail Teanga
- Daoine Scothaosta
- Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach (LADT)
- Daoine faoi mhíchumas
- Mná
- Daoine óga

Tá an Bord tiomanta dá chaidreamh a fheabhsú leis na pobail úd a déarfadh gur Poblachtaigh nó Dílseoirí iad agus féachfaimid le struchtúir a fhorbairt ionas go gcloisfear glórtha na bpobal sin ar bhealach atá fóirsteanach dóibh.

RATH

Dar linn go mbeidh rath ar an straitéis seo má:

- fheabhsaíonn sé na modhanna trínar féidir le pobail tionchar a bheith acu ar thosaíochtaí póilíneachta;
- fheabhsaíonn sé an caidreamh idir an pobal agus na póilíní;
- fheabhsaíonn sé an dóigh a n-iarrann an Bord ar an Ardchonstábla míniú a thabhairt ar chúrsaí póilíneachta;
- fheabhsaíonn sé feidhmíocht na bpóilíní agus muinín an phobail i gcúrsaí póilíneachta;
- mhéadaíonn sé an t-eolas atá ag daoine ar obair an Bhoird.

Foilseoimid Plean Oibre gach bliain a thabharfaidh mionsonraí ar cad a dhéanfaimid agus áireoidh sé sin sainchuspóirí a bheas inmheasta.

Tá níos mó eolais faoinár Straitéis i leith Teagmháil leis an Phobal le fáil ar ár láithreán Gréasáin ag **www.nipolicingboard.org.uk**

Freagairt an Phobail ar an Straitéis
"Fáiltímid roimh fhorbairt na nGrúpaí Tagartha agus mothaímid gur bealach iontach éifeachtach iad le teagmháil a dhéanamh le réimse leathán pobal."

Freagairt an Phobail ar an Straitéis
"Tacaímid leis an chur chuige ó bhonn aníos atá á fhorbairt ag an Bhord i dtaca le teagmháil leis an phobal."

Freagairt an Phobail ar an Straitéis
"Creidimid nach bhfuil an creat cuí ar an teist is tábhachtaí don straitéis seo ach an tiomantas a thugann an Bord don obair i ndáiríre.

Freagairt an Phobail ar an Straitéis
"Tá acmhainneacht ag an straitéis seo cur le dea-chaidrimh. Mar sin féin, b'fhéidir go bhfuil bealaí ann le hí a fhorbairt níos mó lena chinntiú go ndéanfar teagmháil leis an phobal ar bhonn níos leithne."

Bord Póilíneachta
Thuaisceart Éireann

Tá níos mó eolais faoi ról agus faoi obair Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann le fáil ar ár láithreán Gréasáin ag **www.nipolicingboard.org.uk**

TEAGMHÁIL

Más mian leat níos mó eolais a fháil faoin Bhord nó más rud é gur mhaith leat saincheist a chur faoi bhráid an Bhoird, tá roinnt bealaí trínar féidir leat teagmháil a dhéanamh linn:

Tig leat scríobh chugainn ag:

Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
Túr Thaobh an Uisce
31 Bóthar Clarendon
Duga Clarendon
Béal Feirste BT1 3BG

Tig leat teagmháil a dhéanamh linn ar an ghuthán ar: **028 9040 8500**

Má théann tú i dteagmháil linn ar an ghuthán, tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil foireann s'againne ilteangach agus ní bheidh siad ábalta freagra a thabhairt ar scairteanna i dteangacha eile seachas Béarla. Mar sin féin, bheimis breá sásta litir, facs nó ríomhphost a fháil uait. Más rud é go mbeidh sé sin scríofa i dteanga eile seachas Béarla gheobhaimid aistriúchán air sin agus tabharfaimid freagra duit.

Tig leat teachtaireacht facs a chur chugainn ar: **028 9040 8544**

Tig leat teachtaireacht ríomh-phoist a chur chugainn ar: **information@nipolicingboard.org.uk**

Tig leat téacs a chur chugainn ag an seoladh seo a leanas: **028 9040 7668**

INVESTOR IN PEOPLE